

ELeathanach329


Dé Luain 14 Deireadh Fómhair 2019

Extinction Rebellion

Dé Luain seo caite, bhí agóid dhomhanda ar siúl. Chuaigh na mílte amach ar na sráideanna i mBaile Átha Cliath agus ar fud an domhain chun brú a chur ar an rialtas rud éigin a dhéanamh faoi athrú aeráide. Extinction Rebellion an t-ainm atá ar an ngrúpa.

An tSeapáin

Bhuail Tíofún Hagibis an tSeapáin an tseachtain seo caite. Fuair 42 duine bás. Ciallaíonn Hagibis 'Luas' sa Tagalog. (Is teanga Filipíneach í Tagalog). Tá a lán damáiste déanta agus tá a lán tuillte timpeall ar Tóiceo, príomhchathair na Seapáine.




Albam nua Taylor Swift

Tháinig albam nua Taylor Swift amach ar an 23 Lúnasa. 'Lover' an t-ainm atá ar an albam. Is é sin a seachtú halbam.

Is amhránaí den scoth í agus tá clú agus cáil uirthi timpeall an domhain. Tá sí naoi mbliana is fiche d'aois. Is as Pennsylvania sna Stáit Aontaithe í.

Chan sí i bPáirc an Chrócaigh sa samhradh i mí an Mheithimh. Tá seans mór ann go mbeidh sí ag filleadh ar Éirinn san am atá le teacht.




Imreoir sacair ó Ghailimh

Imríonn fear óg Éireannach darb ainm Aaron Connolly le Brighton.

Bhí cluiche dochreidte ag an bhfear ó Ghailimh Dé Sathairn an 5 Deireadh Fómhair. Sa dara nóiméad is tríocha den chluiche, scórail sé cúl iontach. Ansin sa chúigiú nóiméad is seasca scórail Connolly cúl eile le cabhair ó Lewis Dunk.

D'iarr bainisteoir na hÉireann, Mick McCarthy, ar Aaron imirt le foireann sacair na hÉireann. D'imir Aaron in aghaidh na Seoirse Dé Sathairn. Mhol daoine go hard é.



Open House

Bhí *Open House* ar siúl i mBaile Átha Cliath ón 11 - 13 Deireadh Fómhair 2019. Bhí a lán foirgneamh ar oscailt ar fud na cathrach. Is ócáid ailtireachta í seo: baineann ailtireacht le cruth agus dearadh foirgnimh. Bhí cead ag muintir na hÉireann dul isteach chuig foirgnimh éagsúla. Bhí a lán daoine ag cabhrú thar an deireadh seachtaine.

Thug daoine cuairt ar fhoirgnimh éagsúla. Bhí Busáras ar oscailt freisin. Bhí cead ag daoine dul suas chuig barr an fhoirgnimh. Tá radharc iontach ón bhfoirgneamh. Tá fógra ar gach urlár leis na focail seo 'Má tá Gaeilge agat labhair í'.